



THE HEALTH
INSURANCE

AUTHORITY

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2008

Clár Ábhair

1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Comhaltas agus Foireann an Údaráis	4
3. Feidhmeanna an Údaráis	7
3.1 Rialúchán	8
3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh	8
3.1.2 Cothromú Fiontar	9
3.1.3 An Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008	12
3.1.4 Clár na nGnóthas Sochair Sláinte	15
3.2 Taighde agus Comhairle	15
3.2.1 Taighde Coimisiúnaithe	15
3.2.2 Reachtaíocht	17
3.2.3 Monatóireacht ar an gComhshaol Árachais Sláinte	17
3.3 Leasa Tomhaltóirí	19
3.3.1 Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí	19
3.3.2 Faisnéis Tomhaltóirí	20
3.3.3 Láithreán Gréasáin	21
4. Gnóthaí Corparáideacha	22
4.1 Straitéis	22
4.2 Rialú Corparáideach	23
4.3 Caidreamh le Geallsealbhóirí	24
4.4 Acmhainní	24
5. Tuarascáil agus Cuntais	26
6. Aguisíní	41
Aguisín A	41
Aguisín B	42

1. Ráiteas an Chathaoirligh

De réir Alt 33(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Árachais Sláinte (“an tÚdarás”) a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008.

Mar a bhí sna blianta roimhe seo, maidir le hobair an Údaráis in 2008, leagadh béim mhór ar chomhairle a chur ar fáil faoin mbealach ar chóir margadh árachais sláinte pobalráitithe na hÉireann a struchtúrú chun go bhféadfadh na tomhaltóirí go léir an leas is fearr a bhaint as pobalrátú.

Tá córas cúitimh cailteanais nó cothromaithe fiontar cuimsitheach ag teastáil in aon mhargadh pobalráitithe chun go bhfeidhmeoidh an margadh ar mhaithe le leasanna na dtomhaltóirí go léir. Mura mbeidh córas cúitimh cailteanais nó cothromaithe fiontar ann, beidh cailteanas i gceist le daoine breacaosta nó daoine breoite a chur faoi árachas. Mar thoradh air sin, bainfidh míbhuntáiste iomaíoch mór le hárachóirí a chumhdóidh líon níos mó daoine breacaosta agus déanfaidh árachóirí iarracht gan daoine breacaosta a árachú. Dá réir sin, gan cúiteamh cailteanais nó cothromú fiontar, ní fheidhmeoidh iomaíocht mar is cuí agus feidhmeoidh an margadh in aghaidh leasanna na ndaoine breoite agus breacaosta. Sin an fáth gur norm idirnáisiúnta é cothromú fiontar nó cúiteamh cailteanais a chur i bhfeidhm i margaí pobalráitithe.

I mí Iúil 2008, chinn an Chúirt Uachtarach go raibh Scéim Cothromaithe Fiontar na hÉireann *ultra vires* na nAchtanna Árachais Sláinte agus cuireadh an Scéim i leataobh. Bhain iarmhairtí tábhachtacha leis sin maidir le hobair an Údaráis in 2008.

Roimh chinneadh na Cúirte Uachtaraí, bhí an Scéim um Chothromú Fiontar á feidhmiú ag an Údarás agus cuireadh roinnt tuarascálacha ar fáil don Aire, inar léiríodh méid na ndifríochtaí maidir le próifíl riosca idir árachóirí éagsúla a bhí ag feidhmiú sa mhargadh.

Tar éis Chinneadh na Cúirte Uachtaraí, dhírigh an tÚdarás ar chomhairle a chur ar fáil don Aire maidir le conas a d’fhéadfaí tacú le feidhmiú an phobalráitithe ar mhaithe le leasanna na dtomhaltóirí sna himthosca athraithe. Chomhairligh an tÚdarás go raibh athbhunú na Scéime um Chothromú Fiontar i bhfoirm éigin nó tabhairt isteach córais éigin um chúiteamh as cailteanas a bheadh bunaithe ar cháin nó ar thobhach ar na roghanna eile a bhí ann. Mhol an tÚdarás réimse beart eile chun tacú le pobalrátú chomh maith.

Cuireadh an Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), os comhair an Oireachtais i mí na Nollag 2008. Áirítear ar an mBille tobhach eatramhach / córas bunaithe ar cháin chun tacú le pobalrátú. Chuir an tÚdarás tús le hobair maidir le córas cúitimh cailteanais / cothromaithe fiontar cuimsitheach a dhréachtú a chuirfear in ionad na mbeart eatramhach sin nuair a rachaidh siad in éag in 2012. Áirítear bearta eile a mhol an tÚdarás ar an mBille chomh maith, mar shampla, feidhm fhorfheidhmithe agus níos mó feidhme maidir le faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí a shannadh don Údarás.

Chuir an tÚdarás comhairle ar fáil don Aire maidir le hábhair eile a bhaineann le hárachas sláinte chomh maith, lena n-áirítear Pobalrátú ar Feadh an tSaoil agus Rialacháin Rollaithe Oscailte a dhréachtú. D'fhoilsigh an tÚdarás tuarascáil ar dhearcaí agus ar iompar tomhaltóirí i mí na Bealtaine 2008. Léiríodh sa tuarascáil go raibh luach ard ag tomhaltóirí ar a gcumhdach árachais sláinte agus go raibh drogall orthu ligean dó dul i léig. Freisin, léiríodh sa Tuarascáil go raibh leibhéal ard sásaimh, leibhéal atá ag fás, i measc tomhaltóirí maidir le hárachas sláinte.

Lean an margadh árachais sláinte ag fás le linn 2008 agus bhí árachas sláinte ag 2.3m duine nó 52% den daonra faoi dheireadh na bliana. Bhí tionchar ag coinníollacha eacnamaíocha ar fhás leanúnach an mhargaidh le blianta beaga anuas. Tá ceist ann faoin méid a mbeidh tionchar ag an gcor chun donais atá ann faoi láthair ar mhéid an mhargaidh. Tá comharthaí ann cheana go bhfuil méid iomlán an mhargaidh ag titim agus go mbainfidh dúshlán leis sin do rannpháirtithe sa mhargadh agus do chothabháil an phobalráitithe.

Leanann an tÚdarás d'fhaisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir lena gcearta, lena n-áirítear an ceart atá acu athrú go hárachóir eile. In 2008, tháinig an tÚdarás ar chomhaontú le hárachóirí sláinte chun doiciméad faisnéise do thomhaltóirí de chuid an Údarais Árachas Sláinte a eisiúint do thomhaltóirí in éineacht lena bhfógraí athnuachana. Eisiúint an tÚdarás faisnéis do thomhaltóirí freisin trí bhileoga faisnéise do thomhaltóirí a fhoilsiú agus a scaipeadh, trí fhógraí a fhoilsiú sna nuachtáin náisiúnta agus trína láithreán gréasáin. Mar chuid den obair sin, coimeádann an tÚdarás sonraí faoi tháirgí árachais sláinte ar a láithreán gréasáin. Cuirtear an fhaisnéis ar tháirgí i láthair i bhformáid éasca le tuiscint a éascaíonn do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir na roghanna atá acu. Tháinig ardú ar leibhéal na dteagmhálacha idir tomhaltóirí agus an tÚdarás arís in 2008 agus leanann an tÚdarás de chabhair a thabhairt do thomhaltóirí agus iad ag déileáil le cuideachtaí árachais.

Tá lúcháir orm obair agus diongbháilteacht Chomhaltaí an Údarais le linn 2008 a aithint. Ina theannta sin ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte agus Leanaí, an Iníon Mary Harney T.D., agus le hoifigigh a Roinne, as a dtacaíocht le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, léiríonn an tÚdarás a bhuíochas as an obair atá déanta ag foireann an Údarais agus as a dtiomantas le linn 2008.



J. Joyce

An Cathaoirleach

16 Meitheamh 2009

2. Comhaltas agus Foireann an Údaráis

Comhaltas

Ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí Comhaltaí an Údaráis do théarma cúig bliana. Seo a leanas Comhaltaí an Údaráis faoi láthair:



An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)

Rinneadh Cathaoirleach an Údaráis den Uasal Joyce an 1 Feabhra 2006. Is Comhalta den Institiúid Achtúirí agus de Chumann Achtúirí in Éirinn é an tUasal Joyce agus d'fhreastail sé mar Uachtarán an Chumainn idir 1999 / 2000. Chaith sé a luathghairm sa Státseirbhís agus chuir sé críoch leis mar Rúnáí Cúnta sa Roinn Poist agus Telegrafa, ba é Stiúrthóir Feidhmeannach ar Thelecom Éireann ina dhiaidh sin ó 1984 go dtí 1992. Ba é Sainchomhairleoir Achtúire don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ansin d'Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ó 1992 go dtí 2005.



An tUasal Dónall Curtin

Is bunaitheoir agus Comhpháirtí Sinsearach i mByrne Cuirtin Kelly (Cuntasóirí Poiblí Deimhnithe) é an tUasal Curtin. Is comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn é. Is Stiúrthóir é ar Bhord Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath. Is Stiúrthóir é an tUasal Curtin ar Chumann Lucht Trádála Éireann agus comhalta d'Institiúid Chairte na nÉadránaithe, ag a bhfuil taithí shuntasach maidir le headráin, idirghabháil agus réiteach aighnis.



An Iníon Mary Doyle

Is Ceann Riosca le Cónaidhm Bhaincéireachta na hÉireann í an Iníon Doyle. Is Eacnamaí í ag a bhfuil taithí fhorleathan ar ghnó agus ar bhaincéireacht na hÉireann, a dhíríonn ar anailís straitéiseach eacnamaíoch. D'fheidhmigh sí mar Shainchomhairleoir Eacnamaíoch don Bhanc Domhanda agus tá taithí taighde aici i réimsí na hoiliúna, na turasóireachta agus beartas réigiúnach an AE. Áirítear céim Mháistir in Eacnamaíocht agus Dioplóma i gCuntasaíocht agus Airgeadas ar a cáilíochtaí. Bhí sí mar chomhalta i ngrúpaí comhairleacha áirithe ar fud an tionscail, lena n-áirítear IBEC agus IBF.



An tUasal Aidan O'Donnell

Is Achtúire é an tUasal O'Donnell. Tá breis agus 20 bliain taithí aige i dtionscal na seirbhísí airgeadais i ndiaidh dó a bheith ag obair i ról shinsearacha éagsúla le Irish Life, Bank of Ireland agus Anglo Irish Bank. Faoi láthair is Príomh-Oifigeach Táirge agus Achtúire é d'oibríochtaí Hartford Life san Eoraip. Is Comhalta é den Chumann Achtúirí in Éirinn agus tá Céim Mháistir aige i Riarachán Gnó ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.



An tUasal Paul Turpin

Is speisialtóir rialachais é an tUasal Turpin leis an bhForas Riaracháin, a chuireann seirbhísí comhairleacha agus oiliúna ar fáil. Bhí roinnt post sinsearach aige sa bhaincéireacht agus i mbainistiú infheistíochta sular tháinig sé go dtí an Foras Riaracháin in 2006. D'oibrigh sé san earnáil phoiblí roimhe sin, ba chomhairleoir eacnamaíoch é do Ranna Rialtais, leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach agus an Coimisiún Eorpach san áireamh.

Bainistíocht

Seo a leanas Foireann Bhainistíochta an Údaráis:



An tUasal Liam Sloyan

Príomh-Fheidhmeannach / Cláraitheoir



An tUasal Eamonn Horgan

Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha / Rúnaí don Údarás



An tUasal Brendan Lynch
Ceann Taighde / Seirbhísí Teicniúla



An tUasal Micheal O'Briain
Ceann Gnóthaí Rialála



Tá oifigí an Údaráis Árachas Sláinte lonnaithe ag:
Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.
Teil: (01) 406 0080
Facs: (01) 406 0081
Rphost: info@hia.ie
Láithreán Gréasáin: www.hia.ie

3. Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú ón Aire an 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an Achta sin, an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2001, an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2003 agus an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2007 (“na hAchtanna Árachais Sláinte”)¹. Foráiltear leis an reachtaíocht sin d’fheidhmiú agus rialú an ghnó árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn.

Leagtar amach leis “An tríú Treoir Árachais Neamh-Shaoil” (“An Treoir”) de chuid an Aontais Eorpaigh na riachtanais don mhargadh inmhéanach do Bhallstáit maidir le hárachas neamh-shaoil, árachas sláinte san áireamh². Leis sin, ceadaítear do Bhallstáit aonair glacadh leis na riachtanais sin ar an mbealach is iomchuí dá gcórais dlí náisiúnta féin agus dá gcórais cúram sláinte náisiúnta. Trasuíodh an Treoir go dlí na hÉireann trí achtú na nAchtanna Árachais Sláinte, lena ritear reachtaíocht do na ceithre phrionsabal árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn, eadhon, pobalráit, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochar íosta.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis mar a fhoráiltear sna hAchtanna Árachais Sláinte:

1. “Clár na nGnóthas Sochair Sláinte” a chothabháil;
2. comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin) ar ábhair a bhaineann le:
 - (a) Feidhmeanna an Aire faoi na hAchtanna Árachais Sláinte;
 - (b) feidhmeanna an Údaráis féin; agus
 - (c) árachas sláinte go ginearálta;
3. monatóireacht a dhéanamh:
 - (a) ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte;
 - (b) ar sheoladh gnó árachais sláinte; agus
 - (c) ar árachas sláinte go ginearálta;

¹ An tAcht Árachais Sláinte, Ordú 1994 (An Lá Bunaithe), 2001. (S.I. Uimh. 40 de 2001)

² Treoir na Comhairle 92/49/CEE 18 Meitheamh, 1992 ar chomhordú dlíthe, rialacha agus forálacha riaracháin a bhaineann le hárachas díreach seachas le hárachas saoil agus Treoir leasaitheach 73/239/CEE agus 88/357/CEE (an tríú Treoir Árachais Neamh-Shaoil). (IO L 2 8, 11.8.1992, Ich.1).

4. comhairle a thabhairt don Aire agus tuairisciú dó / di maidir le cothromú fiontar agus aon scéim um chothromú fiontar a bhainistiú agus a riar mar a leagtar amach faoi alt 12 den Acht Árachais Sláinte 1994.

Foilsíodh an Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 i mí na Nollag. Má dhéantar é a achtú, sannfar na feidhmeanna breise seo a leanas don Údarás:

- clár táirgí árachais sláinte a chothabháil;
- measúnú agus anailís a dhéanamh ar thuairisceáin a fuarthas ó árachóirí agus tuarascáil ar an measúnú agus an anailís a thabhairt don Aire;
- comhairle a thabhairt don Aire maidir le suimeanna an tobhaigh ar Árachóirí Sláinte agus ar an bhfaoiseamh cánach a chuirtear ar fáil do dhaoine níos sine;
- cibé beart is cuí leis a dhéanamh chun cur le feasacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- a fheidhmeanna a dhéanamh maidir le comhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte a rialú agus a fhorfheidhmiú.

Feidhmeoidh an tÚdarás cibé cumhachtaí a bheidh riachtanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Féadfaidh an tAire Sláinte agus Leanaí (“an tAire”) tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna.

3.1 Rialú

3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá córas rialála árachas sláinte príobháideach na hÉireann bunaithe ar phrionsabail lánacha lena mbaineann pobalráit, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochar íosta agus é mar aidhm a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh sin a bhfuil an gá is mó acu leis. Níl maoiniú á fháil ag an gcóras, ciallaíonn sin nach bhfuil ciste bailithe le linn saol an duine árachaithe chun costas measta a éileamh a chumhdach. Ina áit sin, comhthiomsaíonn gach árachóir an t-airgead a thugann gach duine árachaithe agus glactar costas na n-éileamh i mbliain ar leith ón gciste.

Ní mór go dtuigfean an coincheap pobalráitithe sa chomhthéacs sin. Ciallaíonn sin nach dtéann an leibhéal riosca a ghabhann le tomhaltóir ar leith ó thaobh an árachóra i bhfeidhm ar an bpréimh a íoctar. I bhfocail eile, gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine do phlean áirithe, beag beann ar aois, inscne, an riocht sláinte a mbaineann leo faoi láthair agus an riocht sláinte ar dóigh a mbainfidh leo amach anseo, faoi réir eisceachtaí maidir le páistí faoi 18 mbliana d’aois, mic léinn in oideachas lánaimseartha agus baill de scéimeanna grúpa.

Ciallaíonn rollú oscailte agus cumhdach ar feadh an tsaoil, seachas i gcúinsí an-teoranta a sonraítear sa reachtaíocht, nach mór d'árachóirí sláinte glacadh le gach iarratasóir ar árachas sláinte agus rathaítear go mbeidh an ceart ag gach tomhaltóir a pholasáí a athnuachan gan aird ar a aois nó stádas sláinte.

Faoi na Rialacháin Sochair Íosta, caithfidh gach earra sláinte lena gcuirtear cumhdach ar fáil do chóireáil otharlainne i gcás othar cónaitheach leibhéal íosta áirithe sochar a sholáthar. Glactar leis go bhfuil sé riachtanach go ndéanfar an t-íosleibhéal sochar a rialú mar gheall ar shainchineál casta na dtáirgí árachais sláinte phríobháidigh, lena bhféadfaí, mura ndéantar rialú orthu, táirgí nach bhfuil leibhéal cumhdaigh sách cuimsitheach á soláthar acu a chur ar fáil do thomhaltóirí.

3.1.2 Cothromú Fiontar

Is próiseas é cothromú fiontar a bhfuil sé mar aidhm aige difríochtaí i gcostais éilimh na n-árachóirí a eascraíonn as difríochtaí i stádas sláinte a mball a neodrú ar bhealach cothrom. Nuair is infheidhme, baineann cothromú fiontar le híocaíochtaí aistrithe idir árachóirí sláinte chun cuid de chostais éileamh na mball lena mbaineann riosca ard a roinnt ar gach árachóir sláinte príobháideach sa mhargadh i gcomhréir lena sciar den mhargadh. Is meicníocht choitianta é cothromú riosca i dtíortha lena mbaineann córais árachais sláinte pobalráitithe.

An Scéim um Chothromú Fiontar, 2003

Thug an tAire Sláinte agus Leanaí Scéim um Chothromú Fiontar isteach faoi na hAchtanna Árachais Sláinte in 2003. Bhí ar árachóirí sláinte tuairisceáin a chur chuig an Údarás gach sé mhí. Éilíodh ar an Údarás measúnú agus anailís a dhéanamh ar na tuairisceáin a cuireadh chuige agus tuarascáil a chur ar fáil don Aire ina mbeadh sonraí maidir leis an measúnú agus an anailís sin. Faoi Scéim, d'fhéadfaí tús a chur le híocaíochtaí sa chás go molfadh an tÚdarás go gcuirfí tús leo agus sa chás sin amháin, agus ghlac an tAire le moladh an Údaráis.

I mí na Bealtaine 2005, chuir BUPA Insurance Limited tús le himeachtaí dlíthiúla in aghaidh na Scéime um Chothromú Fiontar. Cé nár cuireadh tús le híocaíochtaí faoi Scéim um Chothromú Fiontar ag an am sin, d'ordaigh an Ard-Chúirt go mbainfeadh bac le haistriú cistí faoi Scéim Cothromaithe Fiontar go dtí go mbeadh na himeachtaí dlíthiúla tugtha chun críche.

Mhol an tÚdarás go gcuirfeadh tús le híocaíochtaí cothromaithe fiontar i mí Dheireadh Fómhair 2005. Chinn an tAire, i ndiaidh di tuarascáil an Údaráis agus na haighneachtaí a cuireadh faoina bráid a mheas, ar íocaíochtaí a thosú le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Níor aistríodh aon airgead, áfach, mar gheall ar an mbac ar íocaíochtaí a chur an Ard-Chúirt i bhfeidhm.

Sheas an Ard-Chúirt leis an Scéim i mí na Samhna 2006. Rinne BUPA achomharc leis an gCúirt Uachtarach, áfach. Dheonaigh an Chúirt Uachtarach achomharc BUPA an 16 Iúil 2008 agus cuireadh an Scéim um Chothromú Fiontar, 2003 i leataobh.

D'ainmnigh BUPA an tÚdarás mar fhreagróir sna himeachtaí sin i dtús báire. Saoradh an tÚdarás ó na himeachtaí gan mhoill tar éis tús a bheith curtha leo. Siocair nár éirigh le BUPA cur in aghaidh aon imeacht de chuid an Údaráis, lorg an tÚdarás costais ó BUPA agus bronnadh iad sin air.

Imeachtaí Dlíthiúla Eile

Seachas na himeachtaí dlíthiúla dá dtagraítear thuas, bhí ceithre thacar imeachtaí dlíthiúla eile in aghaidh na Scéime um Chothromú Fiontar, 2003:

1. Chuir BUPA in aghaidh cinneadh a rinne an Coimisiún Eorpach nár Chúnamh Stáit é an Scéim um Chothromú Fiontar. Rinneadh an cás a éisteacht i gCúirt Chéadchéime na hEorpa. I mí Feabhra 2008, díbheadh éileamh BUPA a mhaígh go raibh meicníocht ar nós na scéime “riachtanach agus comhréireach” i margadh árachas sláinte príobháideach na hÉireann.
2. I mí Eanáir 2006, d'iarr BUPA athbheithniú breithiúnach a chuaigh in aghaidh an mholta a rinne an t-Údarás i nDeireadh Fómhair 2005 agus in aghaidh an chinnidh a rinne an tAire i mí na Nollag 2005 tús a chur le híocaíochtaí cothromaithe fiontar.
3. I mí Bhealtaine 2007, chuir Quinn Healthcare tús le himeachtaí san Ard-Chúirt a chur in aghaidh an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2007. Tarraingíodh anuas ar na himeachtaí sin tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in 2008.
4. I mí Iúil 2007 tugadh cead do Quinn Healthcare athbheithniú breithiúnach a fháil ar bhailíocht na Scéime um Chothromú Fiontar. Tarraingíodh anuas ar na himeachtaí sin tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí in 2008.

Tuarascálacha Cothromaithe Fiontar a Cuireadh Isteach in 2008

Tuarascáil a Tugadh don Aire i mí Eanáir 2008

Foráiltear leis na hAchtanna Árachais Sláinte 1994 go 2007 go gcuirfidh an tÚdarás tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Aire chomh luath agus a bhíonn ceanglas ann íocaíochtaí a dhéanamh faoin Scéim um Chothromú Fiontar. Ba chóir go ndéanfaidh an tuarascáil feidhmiú na Scéime a mheas maidir leis an tionchar a bheidh aici ar leasanna na dtomhaltóirí árachais sláinte. Ní raibh ceanglas ar an Údarás tuarascáil bhliantúil mar sin a ullmhú mar nár tháinig an riachtanas íocaíocht mar sin a dhéanamh faoin Scéim chun cinn. Mheas an tÚdarás, áfach, go mba mhaith an rud é an tAire a chur ar an eolas ar bhonn rialta faoina measúnú ar fheidhmiú na Scéime maidir leis an tionchar a bheadh aici ar leasanna na dtomhaltóirí árachais sláinte.

D'eisigh an tÚdarás tuarascáil i mí Eanáir 2008, a bhain leis an tréimhse ocht mí dhéag ón 1 Eanáir 2006 go 30 Meitheamh 2007.

Le linn na tréimhse sin, i measc nithe eile, léiríodh sa tuarascáil:

- Gur lean árachóirí lena mbaineann próifílí riosca níos ísle de bhuntáiste iomaíoch a choimeád ar VHI Healthcare mar thoradh ar na próifílí riosca sin agus gur leanadh leis an bhfás ar a sciar den mhargadh.
- Gur bhain níos mó so-athraitheachta leis na struchtúir phraghsála sa mhargadh, agus áit mhargaidh níos iomaíche ag eascairt astu sin i gcoitinne.
- Gur lean an tábhacht a bhaineann le difríochtaí próifíle riosca idir árachóirí sa mhargadh ag fás.
- Nach mbainfeadh ach árachóirí páirt-chúitithe ag a mbeadh próifílí riosca níos airde agus iad sin amháin leis an Scéim um Chothromú Fiontar dá gcuirfi i bhfeidhm í.

Moladh sa tuarascáil chomh maith gur chun leasanna foriomlána is fearr na dtomhaltóirí árachais sláinte é an Scéim a chur i bhfeidhm agus na híocaíochtaí a dhéanamh.

Tuarascáil Tar Éis na hAnailíse ar Thuairisceáin a Fuarthas in Eanáir 2008

Fuair an tÚdarás an naoú tacar tuairisceán ó árachóirí, a bhain an tréimhse 1 Iúil 2007 go 31 Nollaig 2007, ag deireadh mhí Eanáir. Thuairiscigh an tÚdarás chuig an Aire maidir leis na tuairisceáin sin i mí Aibreáin 2008. Léiríodh sa Tuarascáil arís go n-athraíonn costas na n-éileamh árachais sláinte go mór i gcomhréir le haois agus go mbaineann éagsúlachtaí móra le próifílí aoise bhallraíocht na n-árachóirí i margadh na hÉireann. Go sonrach, léiríodh sa tuarascáil go bhfuil costas na n-éileamh do dhaoine os cionn 70 bliain d'aois ar an meán 7 n-uaire leibhéal na gcostas éileamh do dhaoine fásta faoi 40 bliain d'aois agus go bhfuil an chion de bhaill Vhi Healthcare atá os cionn 70 bliain d'aois 7 n-uaire chomh mór lena chothrom ag a iomaitheoirí.

Treoir Nuashonraithe maidir leis an Scéim um Chothromú Fiontar, 2003

Thug an tÚdarás Treoir Nuashonraithe maidir leis an Scéim um Chothromú Fiontar, 2003 chun críche agus rinneadh é a eisiúint d'árachóirí i mí Mhárta 2008.

Próiseas comhairliúcháin le hárachóirí ar na Sochair Chothromaithe Uasta

Ní dhearnadh aon athrú ar na Sochair Chothromaithe Uasta i gCéad Sceideal na Scéime um Chothromú Fiontar ó cuireadh tús leis an scéim in 2003. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na teorainneacha sin in 2008 agus cuireadh deireadh leis tar éis chinneadh na Cúirte Uachtaraí.

Comhairliúchán ar Chothromú Fiontar Ionchasach

In 2007, d'iarr an tAire ar an Údarás féidéarthacht scéime cothromaithe fiontar ionchasach a scrúdú.

Bhí obair ag céim fhorbartha maidir le páipéar comhairliúcháin a dhréachtú nuair a thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas ar dhlíthiúlacht na Scéime um Chothromú Fiontar i mí Iúil. Éiríodh as an tionscadal ansin. Tar éis iarratas a fháil ón Roinn Sláinte agus Leanaí, chuir an tÚdarás a réamhthuirimí maidir le scéim cothromaithe fiontar ionchasach ar fáil. Dúirt an tÚdarás go mbeadh roinnt cinnteachta breise i gceist d'árachóirí maidir le leibhéal na n-aistrithe cothromaithe fiontar a réamh-mheas faoi chóras ionchasach, ach go mbeadh sin ar chostas cruinnis laghdaithe maidir le cothromú a dhéanamh ar thionchar na ndifríochtaí próifíil riosca idir árachóirí.

3.1.3 An Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008

Tar éis bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí i mí Iúil 2008, scríobh an tÚdarás chuig an Aire Sláinte agus Leanaí i mí Lúnasa 2008 agus comhairle á cur ar fáil maidir le hiarmhairtí bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí. Dúirt an tÚdarás go bhfuil tomhaltóirí óga (iad sin atá faoi 50 bliain d'aois), i margadh phobalráit na hÉireann gan Chothromú Fiontar, ar an meán, brabúsach, agus go bhfuil na tomhaltóirí sin atá os cionn 50 bliain d'aois neamhbhrabúsach. Tá claonadh ag na tomhaltóirí sin atá os cionn 70 bliain d'aois go háirithe a bheith an-neamhbhrabúsach. Gan Cothromú Fiontar a bheith ann, is dóigh go mbeidh na hiarmhairtí seo a leanas i gceist (leis an bhfírinne a rá, tá an margadh ag claonadh sna treonna seo le tamall anuas cheana féin):

- Dearfaidh árachóirí táirgí agus cuirfidh siad ar an margadh iad chun nach mbeidh siad chomh tarraingteach do chustaiméirí níos sine.
- Déanfaidh árachóirí iarracht a rioscaí a dheighilt chun go ndíolfar táirgí a chosnaíonn níos mó nó lena n-áirítear leibhéal sochar níos ísle le custaiméirí níos sine.
- Tabharfar cosaint d'árachóirí lena mbaineann próifíil riosca níos fabhraí ó fhíoriomaíocht. Cuirfear béim ar roghnú riosca agus caiteachas margáíochta seachas cáilíocht táirge agus seirbhíse nuair a bhíonn táirgí á gcur chun cinn.
- Is iad na hárachóirí is fearr a n-éiríonn leo an riosca a roghnú agus a dheighilt, seachas an tseirbhís is fearr a chur ar fáil, a bheidh ar na hárachóirí is rathúla.
- Beidh ar na hárachóirí sin ag a bhfuil na próifíil riosca is measa préimheanna níos airde a ghearradh nó cailleanas a thabú. D'fhéadfaí cur lena bhfadhbanna má mhalartaítear custaiméirí óga.

Mar shlite eile chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, mhol an tÚdarás, ag an am, go n-athbhunófaí an Scéim um Chothromú Fiontar i bhfoirm éigin nó go dtabharfaí isteach córas éigin um chúiteamh as cailleanas a bheadh bunaithe ar cháin nó ar thobhach. Mhol an tÚdarás réimse beart eile chun tacú le pobalráit chomh maith.

Tar éis an mheabhráin thosaigh sin, lean an tÚdarás de chomhairle a chur ar fáil don Aire agus don Roinn ar an tslí a bhféadfaí tacú le pobalráit. Tugadh an próiseas sin chun críche le foilsiú an Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) i mí na Nollag, 2008.

Bearta Cánachais Idirlinne chun Tacú le Pobalráit

Déanann an Bille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 foráil do chóras creidmheasanna cánacha aoisbhunaithe a thabhairt isteach chun tacú le pobalráit. Foráiltear leis an mBille go bhfaighidh Árachóirí Ballraíochta Oscailte préimheanna níos airde i leith daoine níos sine a árachú, ach gheobhaidh daoine níos sine creidmheasanna cánach cothrom le méid na préimhe breise ionas go leanfaidh gach duine den tsuim chéanna a íoc ar a n-árachas sláinte. Ar an gcaoi sin, coimeádfar pobalráit, ach faigheann árachóirí préimheanna níos airde i leith daoine níos sine mar chúiteamh i bpáirt as an leibhéal éileamh níos airde. Beidh na creidmheasanna cánach ionann agus €200 do dhaoine idir 50 agus 59 bliain d'aois; €500 do dhaoine idir 60 agus 69 bliain d'aois; €950 do dhaoine idir 70 agus 79 bliain d'aois agus €1.175 do dhaoine atá os cionn 80 bliain d'aois. Cuirfear na creidmheasanna cánach i bhfeidhm ó dháta athnuachana 2009.

Íocfaidh na hárachóirí ballraíochta oscailte tobhach i leith na ndaoine aonair go léir atá cumhdaithe ag árachais sláinte chun go ndéanfar an córas a mhaoiniú. Is €160 do dhaoine fásta agus €53 do leanaí a bheidh i gceist leis an tobhach sin in 2009.

Riarfaidh na gnóthais árachais sláinte an tobhach pobalráitithe agus na creidmheasanna cánach, ar nós an fhaoisimh chánach ag an bhfoinse de 20% den phréimh atá ann cheana.

Beidh na bearta sin i bhfeidhm ar feadh trí bliana chun go mbeadh deis ann córas cúitimh cailiteanais / cothromaithe fiontar cuimsitheach a chur ar bun.

D'athbhreithnigh an tÚdarás an dréachtchóras sular foilsíodh an Bille. Dúirt an tÚdarás go raibh an cur chuige molta réasúnach mar bheart idirlinne le haghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a tháinig chun cinn do mhargadh pobalráitithe gan cothromú fiontar a bheith ann. Mheas an tÚdarás go raibh na paraiméadair a moladh don chóras inchosanta agus comhréireach go hoibiachtúil.

Dúirt an tÚdarás chomh maith go bhforáiltear leis an gcóras molta do leibhéal tacaíochta níos ísle do dhaoine níos sine ná mar a bheadh riachtanach chun aird leordhothánach a thabhairt ar na saincheistanna a thagann chun cinn do mhargadh pobalráitithe go fadtéarmach. Is amhlaidh atá an cás mar nach mbaineann leibhéal sofaisticiúlachta a bhainfeadh le córas cúitimh cailiteanais / cothromaithe fiontar cuimsitheach leis an gcóras molta agus, mar thoradh air sin, beidh leibhéal na híocaíochta lena bhféadfaí comhréireacht a bhunú go sásúil níos ísle. Go fadtéarmach, measann an tÚdarás go mbeidh córas cúitimh cailiteanais / cothromaithe fiontar cuimsitheach, mar aon le hiomaíocht chóir, riachtanach chun prionsabail lárnacha an phobalráitithe a chosaint. In 2009, d'iarr an Roinn Sláinte & Leanaí ar an Údarás tús a chur le dréachtú córais chuimsithigh.

Leasaithe ar na hAchtanna Árachais Sláinte

Cuireann an tÚdarás comhairle ar fáil don Aire chomh maith ar réimse beart eile chun tacú le pobalrátú agus le hiomaíocht sa mhargadh árachais sláinte a éascú. Sa chomhthéacs sin, áireofar na leasuithe seo a leanas maidir leis na hAchtanna Árachais Sláinte ar an mBille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha):

- Sonraítear leis an mBille príomhchuspóir na nAchtanna Árachais Sláinte, a bhaineann lena chinntiú nach mbeidh aon idirdhealú i gceist ar bhonn aoise nó stádas sláinte maidir le seirbhísí árachais sláinte a chur ar fáil. Leis an Acht cuirtear toirmeasc ar ghnóthais chláraithe dul i mbun cleachtas ina ndéantar baint amach an phríomhchuspóra a sheachaint.
- Éileofar ar árachóirí conarthaí árachais sláinte a thairiscint ar feadh tréimhse nach lú ná 31 lá.
- Éileofar ar árachóirí conarthaí nua a chur faoi bhráid an Údaráis 20 lá oibre sula ndéanfar iad a thairiscint do chustaiméirí ionchasacha.
- Bunóidh an tÚdarás Clár na gConarthaí Árachais Sláinte agus beidh an Clár ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal saor in aisce.
- Éileofar ar árachóirí tuairisceáin faisnéise a chur chuig an Údarás chun go bhféadfaidh sé a fheidhmeanna a chomhlíonadh maidir le comhairle a chur ar an Aire faoi na hAchtanna Árachais Sláinte.
- D'fhéadfadh go bhforordódh an tAire faisnéis le cur san áireamh i dtairiscintí conarthaí árachais sláinte agus fógraí.
- Ní fhéadfaidh aon Ghnóthais Bhallraíochta Srianta nua cumhdach a chur ar fáil do sheirbhísí ospidéil othar cónaitheach.
- Beidh an chumhacht ag an Údarás fógraí forfheidhmithe a eisiúint má mheastar go bhfuil foráil de chuid na nAchtanna Árachais Sláinte á sárú ag árachóir nó má mheastar gur dóigh go mbeidh sin á dhéanamh arís.
- Leathnaítear feidhmeanna an Údaráis chun go n-áireofaí orthu “cibé beart is cúí leis a dhéanamh chun cur le feasacht an phobail maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh”.

Cuireann na leasuithe go mór le feidhmeanna an Údaráis, go háirithe maidir le faisnéis tomhaltóra a chur ar fáil agus comhlíonadh na nAchtanna Árachas Sláinte a fhorfheidhmiú.

3.1.4 Clár na nGnóthas Sochair Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil a dhéanamh ar “Chlár na nGnóthas Sochar Sláinte” (“an Clár”). Foráiltear le hAlt 14 de na hAchtanna Árachais Sláinte nach mór d’aon árachóir árachais a bhfuil gnó árachais sláinte á sheoladh aige / aici in Éirinn clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh.

Éileofar iarratas ar chlárú athnuachana ar bhonn bliantúil. Eisítear teastas chuig an árachóir sláinte nuair a chláraítear, lena ndeimhnítear go bhféadfaidh an t-árachóir árachas sláinte príobháideach a thairiscint de réir téarmaí a rialacha agus laistigh den reachtaíocht ábhartha.

Tá dhá chineál gnóthais árachais sláinte in Éirinn. Is árachóirí sláinte iad na Gnóthais Bhallraíochta Oscailte ar gá dóibh glacadh le gach tomhaltóir a dteastaíonn uathu árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir srianta teoranta áirithe mar a sonraítear sa reachtaíocht). Is scéimeanna gairme go príomha iad na Gnóthais Bhallraíochta Srianta, ina mbíonn an bhallraíocht teoranta d’fhostaithe eagraíochtaí faoi leith.

D’aistrigh BUPA a ghnó go Quinn Healthcare le linn 2007. Níor chláraigh BUPA arís in 2008 agus, mar thoradh air sin, ní áirítear ar an gClár níos mó é.

An 15 Bealtaine 2008, cheannaigh Hibernian Group Plc (“Hibernian”) scair 70% i VIVAS Insurance Limited, ag trádáil mar VIVAS Health. Tugadh Hibernian Health Insurance Limited ar an ngnóthas cláraithe ina dhiaidh sin.

Níor áiríodh dhá Ghnóthas Ballraíochta Srianta, CIE Clerical Staff Hospital Fund agus Motorola Medical Aid Society ar Chlár na nGnóthas Sochair Sláinte a thuilleadh in 2008.

Liostaítear na gnóthais ar “Chlár na nGnóthas Sochar Sláinte” an 31 Nollaig, 2008 in *Aguisín B*.

3.2 Taighde agus Comhairle

3.2.1 Taighde Coimisiúnaithe

In 2007, d’iarr an tAire ar an Údarás tús a chur le próiseas comhairliúcháin maidir le sainmhíniú a thabhairt ar leibhéal an árachais sláinte ar chóir a bheith faoi réir pobalráitithe.

Cheap an tÚdarás FGS McClure Watters agus a chomhpháirtí speisialta, York Health Economics Consortium mar chomhairleoirí seachtracha chun tacaíocht a thabhairt maidir leis an tionscadal sin. Bhí obair dulta ar aghaidh go maith maidir le páipéar comhairliúcháin a dhréachtú nuair a thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas ar dhlíthiúlacht na Scéime um Choithromú Fiontar i mí Iúil. Cuireadh an tionscadal ar fionraí ansin. Tar éis iarratas a fháil ón Roinn Sláinte agus Leanaí, chuir an tÚdarás a réamhthuairimí ar fáil maidir le cibé acu ar chóir go mbeadh leibhéal cumhdaigh árachais sláinte ann, agus nach mbeadh cumhdach faoi réir pobalráitithe os cionn an leibhéil sin. Dúirt an tÚdarás, i gcleachtas, go mbainfeadh deacrachtaí suntasacha le cosaint a thabhairt do phobalráitú i margadh grádaithe riosca / pobalráitithe mheasctha.

Taighde ar an Margadh Árachais Sláinte

In 2007, choimisiúnaigh an tÚdarás Insight Statistical Consulting chun staidéar taighde cáilíochtúil agus cainníochtúil a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn lenar bhain na riachtanais shonracha seo a leanas.

- (a) léargas níos soiléire a thabhairt ar an margadh árachais sláinte phríobháidigh;
- (b) treochtaí lárnacha a ainmniú sna trí shuirbhé a seoladh in 2002, 2005 agus 2007; agus
- (c) éifeachtaí na n-athruithe a bhí ann le déanaí sa mhargadh árachais sláinte ainmniú.

Áiríodh ar roinnt de na saincheistean sin a ainmníodh go sonrath níos mó faisnéise ar ról na ngrúpscéimeanna bunaithe ar fhostóirí agus ar iompar aistrithe idir árachóirí.

Áiríodh ar an obair taighde suirbhé náisiúnta duine-ar-dhuine inar ghlac 1,000 duine fásta páirt, suirbhé fostóra ina raibh 200 riarthóir ó ghrúpscéimeanna árachais sláinte phríobháidigh agus clár taighde cháilíochtúil lenar bhain 6 ghrúpa fócais tomhaltóirí.

Cuireadh an tuarascáil ar fáil don Aire in Aibreán, 2008 agus foilsíodh í ina dhiaidh sin. Seo a leanas príomhthorthaí an taighde:

- Tá árachas sláinte príobháideach ag tuairim is duine fásta as gach beirt dhuine fásta.
- Tá sciar den mhargadh fós á fháil ag iontrálaithe nua chuig an margadh (Quinn Healthcare agus Hibernian Health).
- Tá meas mór ag tomhaltóirí ar a gcumhdach árachais sláinte agus léiríodh leibhéal ard sásaimh i measc na dtomhaltóirí sin, leibhéal atá ag fás, maidir le hárachas sláinte.
- Rangaíonn tomhaltóirí árachais sláinte é mar an dara sochar fostaíochta is tábhachtaí (i ndiaidh pinsin).

- Luaigh 84% de na mórfhostóirí sa sampla a bhfuil scéimeanna árachais sláinte á n-oibriú acu gur sochar tábhachtach d'fhostaithe é árachais sláinte.
- Maidir le tromlach na ngrúpscéimeanna ionad oibre a tógadh mar shampla, is é an fostóir a d'íoc astu (go hiomlán nó go páirteach).
- Cuireadh le feachtas na dtomhaltóirí maidir lena gcearta agus leis an bhfaisnéis a bhí acu ar a dtáirgí árachais sláinte ó rinneadh suirbhé 2005.

3.2.2 Reachtaíocht

An tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008

Tugadh an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 isteach i mí Aibreáin. Is é príomhchuspóir an Achta feidhmeanna breise a bhronnadh ar an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh agus cur ar a chumas fochuideachtaí a chruthú d'fhonn oibleagáid a chur air iarratas a dhéanamh ar údarú ón Rialtóir Airgeadais d'fhochuideachta ábhartha mar árachóir neamh-shaoil. Tríd is tríd, tagann forálacha an Achta leis an gcomhairle a cuireadh i dTuarascáil an Údaráis chuig an Aire ar lomaíocht i Margadh Árachais Sláinte Príobháideach na hÉireann. Foráiltear leis an Acht go bhfaighidh Vhi Healthcare cistí sócmhainneachta dothánacha lena bheith údaraithe ag an Rialtóir Airgeadais mar eintiteas árachais faoi 31 Nollaig 2008 nó ar dháta níos déanaí a cheapfaidh an tAire le hordú. I mí na Nollag 2008, rinne an tAire Sláinte agus Leanaí Rialachán lena ainmníodh an 31 Márta 2009 mar an dáta nach mór na cistí sócmhainneachta dothánacha a bheith faighte ag Vhi Healthcare.

Foráiltear leis an Acht chomh maith do leasuithe ar na hAchtanna Árachais Sláinte agus chuir an tÚdarás comhairle ar fáil don Roinn maidir leis na leasuithe sin.

Ba é foráil d'aisghairm an chláisail (c) i sainmhíniú conartha árachais sláinte an príomhleasú a bhí i gceist leis na hAchtanna Árachais Sláinte. Eisítear leis an gclásal sin cineálacha conarthaí árachais áirithe arna chur ar fáil ag beirt soláthróirí plean airgid tirim ón sainmhíniú ar chonradh árachais sláinte.

3.2.3 Monatóireacht ar an gComhshaol Árachais Sláinte

Saincheisteanna Táirge

Tháinig ardú mór ar líon na dtáirgí árachais sláinte agus na héagsúlachtaí táirge atá le fáil sa mhargadh ó bhí tús 2005 ann. Bhí os cionn 60 táirge agus os cionn 100 éagsúlú ar an iomlán ar an margadh ag deireadh 2008. Athbhreithníonn an tÚdarás na táirgí go léir atá ar an margadh ar bhonn leanúnach maidir le comhlíonadh na reachtaíochta árachais sláinte agus na Rialachán.

Seo a leanas cuid de na forbairtí is suntasaí ó bhí tús 2005 ann:

- Ardú i líon na dtáirgí cúraim phríomhúil atá neamhspleách nó ar fhorlíonadh táirge iad;
- Ardú i líon na dtáirgí a dhírítear ar ghrúpa gairme nó ar fhostaithe chuideachtaí aonair;
- Farasbairr éileamh suntasacha ar tháirgí áirithe;
- Éagsúlachtaí móra maidir le cumhdach cúraim mháithreachais idir táirgí difriúla;
- Táirgí a thabhairt isteach lena gcuirtear cumhdach ar fáil do sheomra príobháideach in ospidéal phoiblí ach lena gcumhdaítear líon an-teoranta ospidéal príobháideach agus sin amháin; agus
- Táirgí agus téarmaí a bhíonn ar fáil ar feadh tréimhse an-ghearr agus a dhírítear ar ghrúpaí áirithe agus orthu sin amháin.

Dúirt an tÚdarás leis an Aire go bhféadfadh na hárachóirí an t-ardú mór in éagsúlachtaí táirge a úsáid leis na rioscaí a dheighilt, i.e d'fhéadfaí éagsúlachtaí táirge difriúla a dhíriú ar aoisghrúpaí difriúla. I gcleachtas, leis sin, cuirtear ar chumas an árachóra préimheanna an-difriúla a ghearradh ar tháirgí comhchosúla, ag brath ar an aoisphróifíl ballraíochta a bhaineann leis an éagsúlacht táirge. Measann an tÚdarás go ndéanfaidh cleachtais mar sin dochar do phobalráit. Cé go n-áirítear roinnt beart ar an mBille Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2008 lena mbeartaítear dul i ngleic leis an tsaincheist sin, is dóigh go leanfar leis an gcleachtas agus go dtiocfaidh sé chun cinn cheal córas cothromaithe fiontar cuimsitheach a bheith ann.

Pobalráit ar Feadh an tSaoil

Is córas é pobalráit ar feadh an tSaoil lena bhféadfaí árachóirí préimh níos airde a ghearradh ar na daoine sin a fhaigheann árachas sláinte don chéad uair agus iad níos sine. Faoi Phobalráit ar Feadh an tSaoil, d'íocfaidh duine a bhí 70 bliain d'aois ag a raibh árachas ó bhí sé / sí 30 bliain d'aois an phréimh chéanna agus a d'íocfaidh duine a bhí 30 bliain d'aois, ach d'fhéadfaí préimh níos airde a ghearradh ar dhuine a bhí 70 bliain d'aois nach raibh árachas aige / aici roimhe sin. Measann an tÚdarás go ndéanfaí roghnú dochrach sa mhargadh a laghdú le tabhairt isteach pobalráit ar feadh an tSaoil.

Foráiltear leis na hAchtanna Árachais Sláinte Rialacháin a thabhairt isteach lena mbunófar córas pobalráitithe ar feadh an tSaoil in Éirinn. Scaipeadh dréacht-Rialacháin ar na hárachóirí lena mbreithniú. I mí na Samhna 2008, d'athdhearbhaigh an tAire an rún a bhí aici Rialacháin Pobalráitithe ar feadh an tSaoil a thabhairt isteach.

Rollú Oscailte

I bhfianaise an phobalráitithe ar feadh an tSaoil a mholtar a thabhairt isteach, moltar chomh maith leasú a dhéanamh ar na Rialacháin Rollaithe Oscailte i ndáil leis na forálacha lena gceadaítear éagsúlú sna tréimhsí feithimh de réir aoise ar iontráil a bhaint amach. Scaipeadh dréacht-Rialacháin ar na hárachóirí lena mbreithniú.

Sochair Íosta

Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlíonadh Rialacháin Sochair Íosta, atá tábhachtach d'éifeachtacht pobalráitithe agus do chosaint na dtomhaltóirí. Ó am go ham, d'ardaigh an tÚdarás saincheistanna maidir leis na Rialacháin leis an árachóir.

Léirigh an Rialtas ina Pháipéar Bán 1999 ar Árachas Sláinte Príobháideach a rún maidir leis an gcóras reatha Sochar Íosta a leasú. In 2008, i meabhrán a cuireadh chuig an Aire maidir le hiarmhairtí bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar an Scéim um Chothromú Fiontar, dúirt an tÚdarás, i bhfianaise na n-arduithe i gcostais cúraim sláinte agus tabhairt isteach cóireálacha leighis nua, gur ghá na Rialacháin Sochair Íosta a thabhairt chun dáta.

3.3 Leasa Tomhaltóirí

Baineann tábhacht lárnach le leasanna na dtomhaltóirí ó thaobh an Údaráis de. Measann an tÚdarás an tionchar a bhíonn ag aon rialacháin nó reachtaíocht nua ar thomhaltóirí. Tá sé mar aidhm ag an Údarás chomh maith cur le feasacht na dtomhaltóirí maidir lena gcearta agus cabhrú leo tuiscint a fháil ar tháirgí árachais sláinte. Faoina fheidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú gnó árachais sláinte, déanann an tÚdarás monatóireacht ar sholáthar faisnéise do thomhaltóirí ag árachóirí chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachas Sláinte.

3.3.1 Gearáin agus Ceisteanna Tomhaltóirí

Cabhraíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí cheisteanna a fhreagairt a bhaineann le hárachas sláinte agus trí chabhair a thabhairt dóibh chun gearáin in aghaidh árachóirí a réiteach. In 2008, d'ardaigh líon na gceisteanna agus na ngearán go os cionn 600. Bhí an t-ardú i leibhéal na gceisteanna ní ba shuntasáí ó dheireadh mhí na Samhna ar aghaidh, nuair a dhúbail ráta na dteagmhálacha. Lean leibhéal na dteagmhálacha ag an ráta níos airde sin. Tháinig an t-ardú i dteagmhálacha i gcomhthráth le faisnéis tomhaltóra a bheith curtha i dteannta fógraí inathnuachana, le fógraí a bheith curtha i nuachtáin agus le scaipeadh níos forleithne ar leabhrán faisnéise tomhaltóirí an Údaráis Árachas Sláinte.

Seo a leanas na topaicí is minice a tógadh leis an Údarás:

- ceisteanna ginearálta maidir le conarthaí árachais sláinte agus tréimhsí feithimh.
- cearta maidir le hárachóirí a mhalartú;
- caighdeáin seirbhíse na n-árachóirí;
- an costas a bhaineann le hárachas sláinte príobháideach; agus
- iarratais ar fhoilseacháin faisnéise an Údaráis.

Le linn 2008, d'éirigh leis an Údarás idirghabháil a dhéanamh ar son na dtomhaltóirí maidir le fadhbanna a bhí acu lena gcuideachta árachais. Leagtar amach dhá shampla de na cineálacha cásanna a dtug an tÚdarás aghaidh orthu thíos.

Cás-Staidéar 1

B'éigean do thomhaltóir dul isteach in ospidéal tar éis eachtra a tharla agus í ar laethanta saoire sa Bhulgáir. Dúirt an t-ospidéal léi go raibh aithne acu ar a hárachóir agus go raibh siad sásta cóireáil leighis a chur ar fáil di, áfach, fuair an tomhaltóir bille don chóireáil leighis sin tar éis di teacht ar ais go hÉirinn. Dúirt an t-árachóir leis tomhaltóir go n-íocfar an bille, ach níor íocadh é in ainneoin roinnt fiosruithe ón tomhaltóir. Cuireadh in iúl di ansin go mbeadh uirthi a héileamh a chur chuig oifig thar lear. Nuair a fuair an tomhaltóir an bille deiridh ón mBulgáir agus caingean dlí á bagairt, chuir an t-árachóir in iúl di nár chumhdaigh siad ospidéal sa Bhulgáir. Chuaigh sí i dteagmháil leis an Údarás Árachas Sláinte ansin.

Chuaigh an t-árachóir i mbun iniúchta nuair a d'iarr an tÚdarás air sin a dhéanamh agus bhain de tháta go ndearnadh earráid, maidir leis an gcomhairle a tugadh don tomhaltóir agus le neamh-íocaíocht an bhille araon. Réitíodh na saincheisteanna go léir chun sástacht an tomhaltóra agus gheall an t-árachóir go ndéanfar athbhreithniú ar a sheirbhísí.

Cás-Staidéar 2

Chuaigh tomhaltóir le haghaidh cóireáil leighis lena bhféadfadh sí €250 de chostas iomlán na cóireála a éileamh óna árachóir sláinte. Rinneadh praghas na coireála leighis a laghdú ó €750 go €600 go gairid roimhe sin agus anois dúirt an t-árachóir nach gcumhdódh siad ach €100 den chostas. Dúirt an tomhaltóir gur thuig sí nach raibh an lascaine ar fáil i gcomhar le tairiscintí cur chun cinn, ach go ndearnadh an praghas a athrú seachas é a laghdú go sealadach. Mhaígh an t-árachóir go ndearnadh athrú ar an bpolasaí.

Rinne an tÚdarás Árachas Sláinte teagmháil leis an árachóir agus d'fhiafraigh conas a bhféadfaí athrú a dhéanamh ar chonradh an tomhaltóra i lár an téarma. Rinne an t-árachóir iniúchadh maidir leis an éileamh agus d'admhaigh gur tugadh eolas míchruinn don tomhaltóir agus go gcúiteofar an €250 ina iomláine léi.

3.3.2 Faisnéis Tomhaltóirí

D'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar an Údarás machnamh a dhéanamh ar an gceist faoi fheasacht tomhaltóirí ar a gcearta maidir le malartú idir árachóirí faoin chreatlach rialála a bhí ann ag an am sin a fheabhsú agus céimeanna a ghlacadh chun aird a dhíriú ar chearta inaistrithe an árachais.

In 2008 tháinig an tÚdarás ar chomhaontú le hárachóirí maidir le faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí, in éineacht le fógraí inathnuachana faoi chearta tomhaltóirí, lena n-áirítear an ceart malartú go hárachóir eile. Ar an gcaoi sin, tugtar faisnéis do thomhaltóirí faoina gcearta nuair is ábhartha an fhaisnéis acu.

Chomh maith leis sin cuireann an tÚdarás faisnéis ar fáil do thomhaltóirí trí na meáin, trí fhógraí / fógráin sna nuachtáin, trína láithreán gréasáin agus trína leabhráin faisnéise do thomhaltóirí a scaipeadh trí 1,200 seomra comhairle dochtúra ginearálta agus ospidéal, Ionad Eolais do Shaoránaigh agus in áiteanna ábhartha eile.

3.3.3 Láithreán Gréasáin

In 2008, lean an tÚdarás d'fheabhas a chur ar an ábhar ar a láithreán gréasáin d'úsáideoirí, go háirithe i réimse na faisnéise do thomhaltóirí. Chomh maith leis sin chuir an tÚdarás feabhas ar inrochtaineacht an láithreáin ghréasáin trí chlár bogearra téacs-go-teanga a fheidhmiú lena gceadaítear leathanaigh ghréasáin a léamh os ard don úsáideoir, mar aon le PDFanna, hipearnaisc agus clibeanna pictiúir a léamh. Leis an mbogearra sin, cuirtear go mór le hinrochtaineacht d'úsáideoirí lena mbaineann disléicse, míchumais foghlama, mácháilí radhairc nó do dhaoine nach Béarla an chéad teanga acu.

4. Gnóthaí Corparáideacha

4.1 Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách don mhargadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn. Chun an ról sin a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fíis, misean agus luachanna a chur san áireamh.

Fíis an Údaráis

Is í fíis an Údaráis “dul chun tairbhe leas an phobail trí mhargadh árachais sláinte iomaíoch a éascú agus pobalráit, rollú oscailte agus cumhdach ar feadh an tsaoil a chaomhnú ag an am céanna”.

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:

- monatóireacht agus taighde a dhéanamh ar árachas sláinte i gcoitinne;
- comhairle a chur ar an Aire maidir le hárachas sláinte i gcoitinne;
- moltaí a dhéanamh ar fheidhmiú chothromú fiontar nó a mhalairt agus aon Scéim um Chochothromú Fiontar a bhainistiú agus riar;
- rialacháin ábhartha eile a fheidhmiú mar a fhorordaítear;
- leasa na dtomhaltóirí árachais sláinte atá ann faoi láthair agus na dtomhaltóirí a bheidh ann amach anseo a chosaint; agus
- comhairle a thabhairt ar bhearta chun tacú le pobalráit agus na bearta sin a chur i bhfeidhm.

Luachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás le luachanna le cur i bhfeidhm ina ghníomhíochtaí. Seo a leanas luachanna an Údaráis:

- a neamhspleáchas a choinneáil;
- gníomhú le neamhchlaontacht agus le hionracas i gcónaí;
- oibriú ar bhealach gairmiúil agus éifeachtach;
- a dhúshlán uathúla a chomhlíonadh trína bheith oscailte maidir le smaointe nua agus le moltaí ó gach foinse agus trína bheith nuálach ina chur chuige;
- trédhearcacht a choinneáil ina chuid oibre go léir; agus
- meas ar a dhaoine.

4.2 Rialú Corparáideach

Cód Cleachtais ar Rialú Corparáideach

D'ullmhaigh an tÚdarás “Cód Cleachtais ar Rialú an Údaráis Árachas Sláinte” bunaithe ar an “gCód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit” a d’eisigh an Roinn Airgeadais i mí Mhárta 2002.

Eitic in Oifig Phoiblí

Áirítear an tÚdarás in Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Comhaltáí an Údaráis agus na baill foirne ábhartha a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla do 2008 agus cuireadh iad isteach chuig Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (“an AR&CC”) le haghaidh iniúchta. Rinne an oifig sin iniúchadh ar na Cuntais sin agus cheadaigh sí iad, agus leagtar amach iad ag Alt 5 sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Cloíonn an tÚdarás le doiciméadú rialaithe chorparáidigh a d’eisigh an ARC&C in 2003, lena leagtar amach treoirlínte agus caighdeáin maidir le cuntais a chur isteach le haghaidh iniúchta.

Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla agus bíonn sé i dteagmháil leis An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis seo.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tÚdarás Árachas Sláinte faoi réimse an Achta Um Shaoráil Faisnéise nuair a ritheadh Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) 2006, le héifeacht ó 31 Bealtaine, 2006.

Chomh maith le hiarratais a dhéantar faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a phróiseáil de réir mar a thagann siad isteach, d’fhoilsigh an tÚdarás dhá leabhrán “Treoir ar Fheidhmeanna agus ar Thairfid i seilbh an Údaráis” agus “Treoir ar Rialacha, Nósanna Imeachta agus Cleachtais an Údaráis”, lena dtreoraítear an t-iarraitasóir tríd an bpróiseas Saorála Faisnéise. Cuirtear na leabhráin le chéile de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin an Údaráis.

4.3 Caidreamh le Geallsealbhóirí

I rith 2008 rinne an tÚdarás iarracht caidrimh ghairmiúla iomchuí a chothabháil le geallsealbhóirí sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn agus bhí sé an-oscailte maidir le moltaí agus smaointe ó gach foinse. Chun sin a dhéanamh, bhuaile an tÚdarás le geallsealbhóirí go rialta chun ábhair laistigh de réimse freagrachtaí an Údaráis a phlé, agus, a mhéid is féidir, choinnigh sé an trédhearcacht ina chuid oibre. Áiríodh tomhaltóirí, árachóirí, comhlachtaí gairmiúla agus rialtóirí eile ar na geallsealbhóirí sin.

Straitéis Cumarsáide

Tá beartas oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta i bhfeidhm ag an Údarás le geallsealbhóirí ábhartha. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil suim acu i seirbhís rialála a chur ar fáil agus ina fheidhmeanna a chomhlíonadh.

4.4 Acmhainní

An Fhoireann

Tá cead ag an Údarás foireann de naonúr a bheith acu.

Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis trí thobhach a ghearrtar ar Ghnóthais Chláraithe, de réir Alt 17 den Acht Árachas Sláinte, 1994³. Leagadh síos an ráta atá le híoc ag 0.14% de phréimhioncam na ngnóthas cláraithe, a bheidh iníoctha ar bhonn ráithiúil, leis na Rialacháin Tobhaigh a thug an tAire isteach in 2001. Tá oibleagáid ar ghnóthais chláraithe sonraí ar ioncam préimhe agus ar líon na ndaoine árachaithe a chur isteach chomh maith. Tá achoimre ar na staitisticí sin in *Aguisín A*. Leagtar amach An Clár Gnóthais Sochar Sláinte amhail an 31 Nollaig, 2008 in *Aguisín B*.

3 Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17), 2001 (I.R. Uimh. 255 de 2001)



Tuarascáil agus Cuntais 2008



5. Tuarascáil agus Cuntais

don bhliain 1 Eanáir 2008 go dtí 31 Nollaig 2008

Don Aire Sláinte agus Leanáí

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, cuireann An tÚdarás Árachais Sláinte a Thuarascáil agus Cuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2008.

Clár na nÁbhar

Eolas faoin Údarás	27
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	28
Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh	30
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	32
Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta	33
Ráitis Airgeadais	35

Eolas faoin Údarás

Comhaltaí an Údaráis

J. Joyce (Cathaoirleach), *téarma tosaithe Feabhra, 2006*

Dónall Curtin, *téarma tosaithe Aibreán, 2006*

Mary Doyle, *athcheaptha Feabhra, 2006*

Aidan O'Donnell, *athcheaptha Feabhra, 2006*

Paul Turpin, *téarma tosaithe Deireadh Fómhair, 2007*

Príomh-Fheidhmeannach / Cláraitheoir

Liam Sloyan

Rúnaí

Nora Rahill *go Feabhra 2008*

Eamonn Horgan *ó Mhárta 2008*

Baincéirí

AIB plc.

40 / 41 Sráid Westmoreland

Baile Átha Cliath 2

Bank of Ireland

Raghmallach

Baile Átha Cliath 6

Bank of Scotland (Ireland)

Bank of Scotland House

124-127 Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

Iníúchóirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Oifigí

Teach na Canálach

Bóthar na Canálach

Baile Átha Cliath 6

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht Árachais Sláinte 1994.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Árachais Sláinte 1994, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chúí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis


I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIníúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iníúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Údaráis ag 31 Nollaig 2008 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chúí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



Gerard Smyth

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

21 Bealtaine 2009

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh

Ráiteas ón gCathaoirleach maidir le measúnú ar rialuithe airgeadais inmheánacha an Údaráis Árachas Sláinte de réir mar a éilítear in alt 10.2 (iii) den “Chód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit” ceadaithe ag an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2001.

1. Admhaíonn an Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis gurb é bord an Údaráis atá freagrach as córas rialaithe airgeadais inmheánach an Údaráis Árachas Sláinte.
2. Admhaíonn an Cathaoirleach agus na Comhaltaí chomh maith nach féidir le córas rialaithe airgeadais inmheánach mar sin ach ráthaíocht réasúnta a sholáthar agus nach féidir leis ráthaíocht iomlán a sholáthar go mbeidh sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí agus go gcoiscfear nó go n-aimseofar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí in am agus i dtráth.
- 3-4. Leag Comhaltaí an Údaráis na nósanna imeachta lárnacha seo a leanas amach a dearadh chun rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Údarás:

Mar a fhoráiltear in Alt 26(5) den Acht Árachas Sláinte, 1994, is é an Príomh-Fheidhmeannach / Cláráitheoir (“an PF”) atá freagrach as riarachán agus gnó an Údaráis a rialú, a bhainistiú agus a sheoladh i gcoitinne agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an tÚdarás. D’aontaigh Comhaltaí an Údaráis gurb iad an PF agus an fhoireann atá freagrach as ábhair oibríochtúla. Freagraíonn an PF do na Comhaltaí ag a gcruinnithe a dtionóltar ar bhonn míosúil de ghnáth.

Ghlac na Comhaltaí le Cód Cleachtais ar Rialú an Údaráis Árachas Sláinte bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Ghlac na Comhaltaí le Rialacha maidir le Nós Imeachta agus Gnó Chruinnithe an Údaráis Árachas Sláinte dá gcruinnithe.

Cuireann an tÚdarás tacar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm lena leagtar amach teoracha airgeadais, nótaí ar nósanna imeachta agus cleachtais thairmligthe. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchta na cuntais bhainistithe, na ráitis airgeadais bhliantúla, buiséadú agus na nósanna imeachta airgeadais go ginearálta. Tháinig an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hábhair airgeadais a bhain leis an mbliain 2008. Fostaíodh comhairleoirí, lena n-áirítear cuntasóirí agus comhairleoirí iniúchta inmheánaigh, i réimsí lárnacha nuair a mheastar gur iomchuí iad na seirbhísí sin.

Tá córas bogearraí ríomhairí i bhfeidhm ag an Údarás ina bhfuil pacáiste cuntasáochta agus pacáiste párolla chun rialuithe airgeadais inmheánaigh an Údaráis a éascú.

Mar gheall ar mhéid na heagraíochta agus an líon foirne atá fostaithe, d'fhostaigh an tÚdarás comhlacht cuntasáochta seachtrach chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu ar son an Údaráis agus chun meicníocht tuairiscithe airgeadais mhíosúil a dhéanamh ar bhainistiú na gcuntas i gcoitinne, buiséid san áireamh.

D'athbhreithnigh an tÚdarás éifeachtacht na rialuithe airgeadais inmheánacha do 2008. Rinne an tÚdarás athbhreithniú iniúchta inmheánach ar an Údarás agus a ghnó. Áiríodh ar an iniúchadh inmheánach a rinneadh i mí na Samhna 2008 athbhreithniú ar na córais lárnacha agus ar na rialuithe airgeadais. Fostaíodh comhairleoirí seachtracha chun an anailís seo a dhéanamh, ina raibh Comhaltaí agus foireann an Údaráis rannpháirteach go gníomhach chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a aimsiú agus a chur in ord tosaíochta.

Sínithe thar ceann Chomhaltaí an Údaráis



J. Joyce

An Cathaoirleach, An tÚdarás Árachas Sláinte

20 Bealtaine 2009

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Éilítear le hAlt 32(2) den Acht Árachas Sláinte, 1994, go n-ullmhóidh Comhaltaí an Údaráis ráitis airgeadais i bhfoirm a cheadóidh an tAire Sláinte agus Leanaí tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Éilítear ar an Údarás agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- Á luadh cibé acu ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme nó nár cloíodh, faoi réir aon imeacht suntasach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura meastar iomchuí é glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá freagracht ar an Údarás leabhair chuntas chuí a choinneáil, lena nochtar ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith seasamh airgeadais an Údaráis agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32(2) den Acht. Tá freagracht ar an Údarás chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



J. Joyce
An Cathaoirleach



P. Turpin
Comhalta

20 Bealtaine 2009

Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta suntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin choinbhinsiún costais stairiúil agus comhlíontar leo caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tobhach Ioncaim

Léirítear leis an tobhach ioncaim an tsuim a bhailigh an tÚdarás i leith na tréimhse. Cuirtear san áireamh íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás de réir Achtanna Árachais Sláinte, 1994-2007 agus déantar réasúnacht an fhigiúir sin a sheiceáil in aghaidh an ioncaim thobhaigh mheasta bunaithe ar phróifíl an Údaráis maidir le scéimeanna árachais sláinte phríobháidigh.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas lúide dímheas carnach. Ríomhtar an dímheas, a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh ar a saol úsáideach measta, agus an modh dronlíne á úsáid, ar ráta bliantúil de 33 $\frac{1}{3}$ % do threalamh ríomhaireachta agus 20% do gach sócmhainn eile ón dáta a fhaightear é.

Airgeadraí Eachtrannacha

Malartaítear idirbhearta in airgeadraí eachtrannacha go euro le linn na bliana agus áirítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Malartaítear sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais in airgeadraí eachtrannacha go euro ar rialú rátaí malairte ag dáta an chláir chomhardaithe agus áirítear gnóchain agus cailteanais a bhíonn ann sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse sin.

Aoisliúntas

De réir Alt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, féadfaidh an tÚdarás, le cead an Aire Sláinte agus Leanaí agus an Aire Airgeadais, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis. Tá scéim mar sin á tabhairt chun críche ag an Údarás i gcomhar leis an dá Roinn agus tá na hasbhaintí riachtanacha á mbaint ó thuarastail agus a gcoinneáil ag an Údarás, ach ní aithnítear mar ioncam iad. Chomh maith leis sin, tá foráil á déanamh ag an Údarás do ranníocaíochtaí fostóirí maidir leis an Scéim. Chun críocha Caigndeán Tuairiscithe Airgeadais 17, measann an tÚdarás gurb ionann an scéim agus scéim ranníocaíochta sainmhínithe, óna dhearcadh féin, agus thug sé cuntas air sin dá réir.

Cúlchiste Ginearálta

De réir mar a fhorbraítear ról an Údaráis mar rialtóir agus mar chomhairleoir Mhargadh Árachas Sláinte Príobháideach na hÉireann, is amhlaidh is dócha go mbeadh costais bhreise ann de bharr cúinsí eisceachtúla. Meastar go n-íocfaidh an Cúlchiste Ginearálta as aon dlíteanas a thagann chun cinn sa chás sin.

Ráitis Airgeadais

Cuntas Ioncaim agus Caiteachas

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

	Nótaí	12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2008 €	12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2007 €
Ioncam	1	2,313,144	2,069,541
Costais Riaracháin	2	(1,456,722)	(1,896,106)
Ioncam iomarcach thar chaiteachas		856,422	173,435
Ús Infhaighte		82,197	62,762
Barrachas don tréimhse		938,619	236,197
Barrachas Carnach ag tús na tréimhse		812,360	626,163
Aistriú go Cúlchiste Ginearálta	8	(50,000)	(50,000)
Barrachas Carnach ag deireadh na tréimhse		1,700,979	812,360

Níl gnóchain nó caillteanais le haithint, seachas na cinn lena ndéileáladh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



J. Joyce
An Cathaoirleach

20 Bealtaine 2009



P. Turpin
Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 11.

Clár Comhardaithe

ag 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008 €	2007 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	4	6,266	3,699
Sócmhainní reatha			
Banc agus Airgead Tirim		3,100,589	2,386,034
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	5	713,276	558,128
		3,813,865	2,944,162
Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	6	(861,257)	(927,606)
Sócmhainní reatha glana		2,952,608	2,016,556
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		2,958,874	2,020,255
Sócmhainní glana		2,958,874	2,020,255
Lena léirítear			
Ioncam iomarcach carnach thar chaiteachas	8	1,700,979	812,360
Cúlchiste Ginearálta		1,257,895	1,207,895
		2,958,874	2,020,255



J. Joyce
An Cathaoirleach

20 Bealtaine 2009



P. Turpin
Comhalta

Is mar chuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 11.

Nótaí

(atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Ioncam

Foráiltear le hAlt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994 d'íocaíocht tobhaigh ioncaim ó ghnóthais chláraithe leis an Údarás gach ráithe. Leagtar le Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17), 2001 an ráta iarbhír don tobhach ioncaim ag 0.14% de bhunphréimheanna árachais sláinte a íocadh le gach gnóthas tráchtála agus srianta in Éirinn.

	2008	2007
	€	€
Tobhach Ioncaim	2,313,144	2,069,041
Saoráil Faisnéise	0	500
	2,313,144	2,069,541

2. Costais Riaracháin

	2008	2007
	€	€
Costais Tuarastal agus foirne (lena n-áirítear oiliúint)	640,600	604,320
Luach saothair Chomhaltáí	40,144	31,500
Cíos, Táillí Seirbhísí agus Cothabháil	162,708	126,820
Costais earcaíochta	25,256	9,966
Sainchomhairliúchán (Nóta 3)	385,303	628,745
Árachas	40,672	47,234
Costais Ríomhaireachta agus Stáiseanóireachta	24,600	20,635
Costais Riaracháin Eile	62,109	51,788
Faisnéis Tomhaltóirí	60,127	357,125
Iniúchadh	13,000	13,000
Dímheas	2,203	4,973
	1,456,722	1,896,106

3. Costais Sainchomhairliúcháin

	2008 €	2007 €
Cuntasaíocht	85,369	64,273
Seirbhísí Achtúireacha	91,799	75,286
Seirbhísí DLí	94,022	320,092
Caidrimh Phoiblí	47,829	45,963
Taighde	60,928	118,007
Aoisliúntas	2,178	726
Seirbhísí Aistriúcháin	3,178	4,398
	385,303	628,745

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaire €	Feistiú Oifige, Troscán & Trealamh €	Iomlán €
Costas			
An 31 Nollaig 2007	65,900	330,516	396,416
Íocaíochtaí breise le linn na tréimhse	3,778	992	4,770
Diúscairtí le linn na tréimhse	0	0	0
An 31 Nollaig 2008	69,678	331,508	401,186
Dímheas			
An 31 Nollaig 2007	62,648	330,069	392,717
Táille don tréimhse	1,890	313	2,203
Dímheas ar dhiúscairtí	0	0	0
An 31 Nollaig 2008	64,538	330,382	394,920
Luach Glan Leabhair			
An 31 Nollaig 2008	5,140	1,126	6,266
An 31 Nollaig 2007	3,252	447	3,699

5. Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile

	2008 €	2007 €
Ioncam fabhraithe	574,212	520,708
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile	138,732	36,978
Cártaí Taistil	332	442
	713,276	558,128

6. Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2008 €	2007 €
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	246,173	439,122
Foráil Pinsean (Nóta 7)	572,384	436,362
ÍMAT / ÁSPC	16,199	14,451
Cáin Iarchoimeáda Seirbhísí Gairmiúla	22,115	36,555
Cáin Bhreisluacha	4,386	1,116
	861,257	927,606

7. Foráil Pinsean

Tá scéim pinsean sochar sainithe á tabhairt chun críche ag an Údarás dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar an tSamhail Seirbhíse Poiblí agus táthar ag fanacht ar cheadú ón Aire Sláinte agus Leanaí agus ón Aire Airgeadais. Tá ranníocaíochtaí iníoctha leis an Aire Sláinte agus Leanaí, ranníocaíochtaí fostóirí san áireamh, ar ráta 25% ó Iúil 2006, (16.66% roimhe seo) den phá inphinsin agus gearrtar iad den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. D'aontaigh an tAire aisíocaíocht a thabhairt don Údarás i leith sochar a íocadh faoin scéim. Áirítear na ranníocaíochtaí a leanas sa cheannteideal, “Tuarastail agus Costais Foirme (lena n-áirítear oiliúint)” **(Nóta 2)**:

7. Foráil Pinsean *ar lean*

	2008 €	2007 €
Ag tús na tréimhse	436,362	306,258
Ranníocaíochtaí Fostaí	24,478	26,016
Ranníocaíochtaí Fostóra	111,554	106,497
Iomlán	572,384	438,771
Aisíocaíocht Ranníocaíochtaí	0	(2,409)
Aistrithe i bhForáil Pinsean	0	0
Aisíoc Dlite	0	0
Ag deireadh na tréimhse	572,384	436,362

8. Barrachas Carnach ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2008 €	2007 €
Ag tús na tréimhse	812,360	626,163
Barrachas don tréimhse	938,619	236,197
	1,750,979	862,360
Aistriú go Cúlchiste Ginearálta	(50,000)	(50,000)
Barrachas coimeádta	1,700,979	812,360

9. Gealltanais Chaipitil

Níl aon ghealltanais chaipitil ann do chaiteachas caipitil an 31 Nollaig 2008.

10. Dliteanais Theagmhasacha

Tá baint ag an Údarás le himeacht dlí ina gcaithfidh an chúirt cinneadh a dhéanamh fós ar leithdháileadh na gcostas. Luadh na costais go léir a thabhaigh an tÚdarás mar chaiteachas sa bhliain lenar bhain siad. Níor chinn an chúirt na costais dheiridh fós agus, mar sin de, ní fhéadfar aon dliteanas breise a shocrú go réasúnach ag an am seo.

11. Ceadú Ráitis Airgeadais

Cheadaigh Comhaltaí an Údaráis na Ráitis Airgeadais an 20 Bealtaine 2009.

6. Aguisíní

Aguisín A

Staitisticí a Bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Phríobháidigh in Éirinn, 2008

Tábla 1: Comhaltas ⁽¹⁾ & ⁽²⁾

An Bhliain dar Críoch	Líon Iomlán Daoine Árachaithe (000s)	Cumhdach Árachais Sláinte Príobháideach mar % den Daonra ⁽²⁾
Nollaig 2001	1,871	48.2%
Nollaig 2002	1,941	49.2%
Nollaig 2003	1,999	49.8%
Nollaig 2004	2,054	50.4%
Nollaig 2005	2,115	50.6%
Nollaig 2006	2,174	50.9%
Nollaig 2007	2,245	51.2%
Nollaig 2008	2,299	51.6%

Tábla 2: Ioncam Préimhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,236.2
2007	1,477.8
2008	1,652.2

- 1 Baineann gach figiúr leis an margadh árachais sláinte príobháidigh ina iomláine, i.e. clárú oscailte agus gnóthais shrianta.
- 2 Tá figiúirí daonra bunaithe ar mheastacháin dhaonra na Príomh-Oifige Staidrimh.

Aguisín B

Clár na nGnóthas Sochair Sláinte amhail an 31 Nollaig 2008

Gnóthais Bhallraíochta Oscailte

1. Hibernian Health Insurance Limited
(ag trádáil mar Hibernian Health Limited)
2. Quinn Insurance Limited (ag trádáil mar Quinn Healthcare)
3. The Voluntary Health Insurance Board (ag trádáil mar VHI Healthcare)

Gnóthais Bhallraíochta Srianata

1. ESB Marina Staff Medical Provident Fund
2. ESB Staff Medical Provident Fund
3. Irish Life Assurance Plc Outdoor Staff Benevolent Fund
4. Irish Life Medical Aid Society
5. New Ireland / Irish National Staff Benevolent Fund
6. Prison Officers' Medical Aid Society
7. St. Paul's Garda Medical Aid Society
8. The Goulding Voluntary Medical Scheme